



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2015

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Matamaitic

Bonnleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéisí fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Clár Ábhar

Leathanach

Réitigh Shamplacha	3
Scéim mharcála	20
Struchtúr na scéime marcála	20
Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm	21
Nótaí mionsonraithe marcála	22
Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge	28

Leathanach Bán



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2015

Matamaitic

Bonnleibhéal

Dé hAoine, 5 Meitheamh

Tráthnóna, 2:00 – 4:30

300 marc

Réitigh Shamplacha – Páipéar 1

Tabhair do d'aire: níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chuir chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.

Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	200 marc	8 gceist
Roinn B	100 marc	2 cheist

Freagair na deich gceist go léir.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Tá spás d'obair bhreise ag cúl an leabhráin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir freisin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus an chuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfidh tú marcanna mura dtaispeánann tú go soiléir an obair riachtanach go léir.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

Freagair na hocht gceist go léir as an roinn seo.

Ceist 1

(25 marc)


(a) Sa léaráid taispeántar ciúb a bhfuil na sleasa air 7 cm ar fad.

(i) Faigh toirt an chiúib.

$$7^3 = 343 \text{ cm}^3$$

(ii) Faigh fad an trasnáin $[AC]$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

$$\sqrt{7^2 + 7^2} = 9.9 \text{ cm}$$



(b) Cén uimhir sa liosta thíos **nach** bhfuil an luach céanna uirthi agus atá ar na trí uimhir eile? Tabhair cúis le do fhreagra.

0.25

 $\frac{1}{4}$

2.5

25%

Freagra: 2.5

Cúis: Tá na cinn eile níos lú na 1 agus tá $0.25 = \frac{1}{4} = 25\%$

(c) Ceannaíonn Aoife earra ar eBay ar €45 agus díolann sí arís ar €63 é. Ríomh a brabús mar chéatadán den chostphraghas.

$$\text{Brabús} = €63 - €45 = €18$$

$$\% \text{ Brabús} = \frac{18}{45} = 40\%$$

Ceist 2**(25 marc)**

- (a) Tuilleann Conchúr €32 000 sa bhliain. Íocann sé cáin ioncaim ar ráta 20%. Tá creidmheasanna cánach de €3300 aige. Faigh an méid cáin ioncaim a íocann Conchúr.

$$20\% \text{ de } 32000 = 6400$$
$$\text{Cáin} = 6400 - 3300 = \text{€}3100$$

- (b) Díoltar caife in dhá phróca de mhéideanna difriúla. Bíonn 200 g i bPróca A agus díoltar ar €5.80 an próca é. Bíonn 150 g i bPróca B agus díoltar ar €4.65 an próca é. Cén próca díobh a thugann an luach is fearr ar airgead? Tabhair cúis le do fhreagra.

$$\frac{580}{200} = 2.9$$

$$\frac{465}{150} = 3.1$$

Freagra: Próca A

Cúis: Tá an caife níos saoire in aghaidh an gram

Ceist 3**(25 marc)**

Úsáidtear na digití go léir 5, 3, 6, agus 1 chun slánuimhir a bhfuil ceithre dhigit inti a scríobh síos. Ní úsáidtear na digití ach aon uair amháin.

- (a) (i) Cad é an uimhir is mó a bhfuil ceithre dhigit inti is féidir a scríobh síos?

6531

- (ii) Cad é an uimhir is lú a bhfuil ceithre dhigit inti is féidir a scríobh síos?

1356

- (b) Tá Seán ag taisteal ón gCabán go Béal Feirste. Meastar go bhfuil an turas 162 km ar fad. Taistealaíonn Seán ar mheánluas 72 km/h.

- (i) Cá fhad a thógfaidh sé air an áit a bhaint amach?
Bíodh do fhreagra ina uaireanta agus nóiméid.

$$\frac{162}{72} = 2.25$$

2 uair an cloig agus 15 nóiméid

- (ii) Fágann Séan an Cabán ag 2:55 p.m.
Cén t-am a mbeadh sé ag súil le Béal Feirste a bhaint amach?

$$2.55 + 2.15 = 5.10 \text{ p.m.}$$


- (iii) Úsáideann carr Sheáin 1 lítear amháin peitрил le haghaidh gach 15 km a thaistealaíonn sé. Cosnaíonn lítear peitрил 149.9 cent. Faigh costas an pheitрил a úsáidtear ar an turas. Bíodh do fhreagra ina euro agus cent.

$$\frac{162}{15} = 10.8$$
$$10.8 \times 1.499 = \text{€}16.19$$

Ceist 4**(25 marc)**

Tá dhá pháirc imeartha i bpáirc áitiúil; ceann amháin do na sinsir, an ceann eile do dhaoine óga. Is éard atá i bpáirc na sinsear ná méadú de pháirc na n-óg. Is é k an fachtóir scála ($k > 1$).

(a) Tóg lárphointe an mhéadaithe sa léaráid thíos agus cuir an lipéad O air.



(b) Faigh k , fachtóir scála an mhéadaithe.

$$\frac{138}{92} = 1.5$$

(c) Faigh luach w , leithead pháirc na n-óg.

$$\frac{81}{1.5} = 54$$

(d) Faigh an cóimheas $\frac{\text{Achar pháirc na sinsear}}{\text{Achar pháirc na n-óg}}$.

$$\frac{138 \times 81}{92 \times 54} = \frac{11178}{4968} \text{ nó } \frac{9}{4} \text{ nó } 2.25$$

Nó



$$k^2 = 1.5^2 = 2.25$$

Ceist 5**(25 marc)**

Tá gach ceann den dá rothlóir chóra a thaispeántar roinnte ina theascáin.

Rothlaítear na rothlóirí ag an am céanna agus suimítear na scóir.

- (a) Comhlánaigh an tábla thíos chun na fothorthaí go léir is féidir a fháil a thaispeáint.



		An chéad rothlóir		
		2	4	6
An dara rothlóir	1	3	5	7
	3	5	7	9

- (b) Faigh an dóchúlacht go bhfaighfear na fothorthaí seo a leanas:

- (i) 3

$$P(3) = \frac{1}{6}$$

- (ii) 3 nó 9.

$$P(3 \text{ or } 9) = \frac{2}{6} \text{ nó } \frac{1}{3}$$


- (c) Deir Caleb “Tá 5 chomh dóchúil le 7 mar fhothoradh”. An bhfuil an ceart aige? Tabhair cúis le do fhreagra.

Freagra: Tá an ceart aige

Cúis: 2 as 6 í gach chás

Ceist 6**(25 marc)**

I suirbhé, fiafraíodh de 18 mac léinn cé mhéad páiste a bhí ina dteaghlach. Taispeántar na torthaí sa línebhreacadh thíos.



(a) Cad é mód na sonraí?

$$\text{Mód} = 3$$

(b) (i) Faigh líon iomlán na bpáistí san 18 dteaghlach.

$$1(2) + 2(4) + 3(5) + 4(3) + 5(1) + 6(2) + 8(1) = 62$$

(ii) Faigh meánlíon na bpáistí i ngach teaghlach, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

$$\frac{62}{18} = 3.4$$

(c) Cé acu ceann den dá uimhir, an mód nó an meán, an uimhir is fearr a chuireann síos ar na sonraí seo, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra.

Mód
Mar is slánuimhir í

Nó

Mean
Mar tagann sé ó gach clann

Ceist 7

(25 marc)

- (a) (i) Leanann Máire na treoracha sa tábla thíos chun patrún uimhreacha a chruthú.
Tá an 1ú huimhir, 5, líonta isteach duit. Comhlánaigh an tábla don chéad trí uimhir eile.

Treoir	1ú hUimhir	2ú hUimhir	3ú hUimhir	4ú hUimhir
An Uimhir Thosaigh	5	6	7	8
Iolraigh faoi 4	5×4	6×4	7×4	8×4
Bain 3 ó do fhreagra	$20 - 3$	$24 - 3$	$28 - 3$	$33 - 3$
Toradh	17	21	25	29

- (ii) Roghnaíonn Máire uimhir thosaigh agus nuair a leanann sí na treoracha faigheann sí 45 mar thoradh. Faigh an uimhir a roghnaigh sí.

$$45 + 3 = 48$$

$$48/4 = 12$$

- (b) Is slánuimhreacha iad A, B, agus C. Cuirtear na huimhreacha i línte agus suimítear le chéile iad, mar a thaispeántar sa tábla.

Líne	Uimhreacha	Iomlán
Líne 1	$A + A + A$	$= 21$
Líne 2	$A + A + B$	$= 23$
Líne 3	$A + B + C$	$= 18$

Faigh luach A, B, agus C.

$$A = \frac{21}{3} = 7$$

$$B = 23 - 14 = 9$$


$$C = 18 - 16 = 2$$

Ceist 8

(25 marc)

Tá léaráid scála thíos de ghairdín tosaigh tí. Seasann fad gach cearnóige sa ghreille do 0.5 m. Tá gach slios ar an ngairdín 16 m ar fad. Léiríonn P an suíomh ina bhfuil cuaille atá 6 mhéadar ón bhfál ag H . Tá madra ceangailte den chuaille ar iall atá 7 m ar fad.


(a) (i) Bain úsáid as do chompás chun na pointí go léir sa ghairdín atá 7 m ó P a thógáil.



(ii) Tá fear seachadta buartha faoin madra ach deir úinéir an tí leis go bhfuil sé cinnte nach sroichfidh an madra an cosán. An bhfuil úinéir an tí ceart? Tabhair cúis le do fhreagra.

An stua atá tarraingthe leis an gcompás, ní thrasnaíonn sé an cosán. Dá réir sin tá an t-úinéir ceart.

- (b) Sa léaráid thíos, taispeántar an cuaille ceartingearach $[PT]$ agus an pointe H atá ar an talamh. Tá na tomhais mar a thaispeántar. (Níl an léaráid de réir scala.)



Faigh $|\angle\alpha|$, ceart go dtí an chéim is gaire.

$$\tan \alpha = \frac{1.5}{6} = 0.25$$
$$\alpha = \tan^{-1}(0.25) = 14^\circ$$

Freagair **Ceist 9** agus **Ceist 10** as an roinn seo.

Ceist 9

(50 marc)

Bhí ar Chris an caidéal ina thobar a dheisiú. Chuir sé glao gutháin ar dhá chuideachta agus d’fhiafraigh sé faoina dtáillí. Dúirt an chéad chuideachta, *Well Well Ltd.*, go raibh táille €50 acu ar an nglaoch amach, agus táille €30 san uair an chloig ina dhiaidh sin. Dúirt an dara chuideachta, *Well Mended Ltd.*, nach raibh táille acu ar an nglaoch amach, díreach táille €40 san uair an chloig. Mheas an dá chuideachta go nglacfadh sé suas le 8 n-uair an chloig an obair a dhéanamh.

(a) Comhlánaigh na táblaí thíos agus taispeáin na táillí atá ag an dá chuideachta.

<i>Well Well Ltd.</i>	
Am (Uaireanta)	Táille (€)
0	50
1	80
2	110
3	140
4	170
5	200
6	230
7	260
8	290

<i>Well Mended Ltd.</i>	
Am (Uaireanta)	Táille (€)
0	0
1	40
2	80
3	120
4	160
5	200
6	240
7	280
8	320


(b) Ghlac an obair 7 n-uair an chloig. Cén chuideachta a ghearrfadh an táille is lú ar Chris?

Well Well ltd

(c) Scríobh síos foirmle a léiríonn na táillí atá le híoc le *Well Well Ltd.* as líon ar bith d’uaireanta an chloig oibre a thugtar. Mínigh go soiléir an bhrí atá le litreacha ar bith a úsáidtear i d’fhoirmle.

$y = 30x + 50$

- (d) Ar na haiseanna thíos, tarraing graif na dtáillí a ghearrann an dá chuideachta as na chéad 8 n-uair an chloig. (Cuir ainm na cuideachta cuí ar gach graf díobh.)




- (e) Cad iad na comhordanáidí atá ag pointe trasnaithe do dhá ghraf? Mínigh an bhrí atá le gach ceann den dá uimhir i gcomhthéacs na ceiste.

Pointe: (5, 200)

Miniú: Má thógann an obair 5 uair an cloig lorgóidh an dhá cuideachta €200.

Ceist 10**(50 marc)**

Déanann cuideachta Ghearóidín, TLC Teo, boscaí dronuilleogacha cairtchláir a bhfuil clúdaigh orthu. Taispeántar thíos dhá cheann de na boscaí atá ag an gcuideachta, Bosca A agus Bosca B. Tugtar a gcuid toisí freisin. Dúradh le Gearóidín go bhfuil an t-achar dromchla céanna ar an dá bhosca.



- (a) (i) Taispeáin go bhfuil an t-achar dromchla céanna ar an dá bhosca.

Achar an dromchla ar Bhosca A	Achar an dromchla ar Bhosca B
$A:$ $2(7 \times 2) = 28$ $2(7 \times 6) = 84$ $2(6 \times 2) = 24$ $= 136 \text{ cm}^2$	$B:$ $2(8 \times 3) = 48$ $2(4 \times 3) = 24$ $2(8 \times 4) = 64$ $= 136 \text{ cm}^2$

- (ii) Teastaíonn ó Ghearóidín an bosca a bhfuil an toirt is mó ann a úsáid.
Faigh cén bosca díobh a bhfuil an toirt is mó ann.

An toirt i mBosca A


An toirt i mBosca B

$$A: \quad 7 \times 6 \times 2 = 84 \text{ cm}^3$$


$$B: \quad 8 \times 4 \times 3 = 96 \text{ cm}^3$$

Freagra: Bosca B

- (b) Sa léaráid thíos taispeántar lógó chuideachta Ghearóidín, TLC Teo. Tá gach litir laistigh de cheathrú ciorcail de gha 6 cm.



- (i) Tóg an lógó lánmhéide sa ghreille thíos. (Ní gá na litreacha a chur isteach ann.)



- (ii) Faigh fad na himlíne ar an lógó seo. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire.

$$P = \frac{3}{4} \times (2 \times \pi \times 6) + 6 + 6 = 40 \text{ cm}$$

- (iii) Faigh achar an lógó. Bíodh do fhreagra ceart go dtí trí ionad dheachúlacha.

$$\text{Achar} = \frac{3}{4} \times (\pi \times 6^2) = 84.857 \text{ cm}^2$$

- (iv) €0.25 an cm^2 a chosnaíonn an t-ábhar chun an lógó a thógáil. Faigh an costas ar 50 lógó a thógáil, ceart go dtí an euro is gaire.

$$\text{Costas} = 84.857 \times 0.25 \times 50 = \text{€}1061$$

Scéim mharcála – Roinn A agus Roinn B

Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí ina dhá gcatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí ina trí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

Lipéad an scála	A	B	C	D	E
Líon na gcatagóirí	2	3	4	5	6
Scála 5 mharc		0, 3, 5	0, 2, 4, 5		
Scála 10 marc	0, 10	0, 5, 10	0, 4, 8, 10		
Scála 15 mharc		0, 7, 15	0, 6, 12, 15	0, 4, 7, 11, 15	
Scála 20 marc					
Scála 25 marc					

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéal

A-scálaí (dhá chatagóir)

- freagra mícheart
- freagra ceart

B-scálaí (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra ceart i bpáirt
- freagra ceart

C-scálaí (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

D-scálaí (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

E-scálaí (sé chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- beagnach leathchuid den fhreagra ceart
- níos mó ná an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar cothromú mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár nó ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfadh marc a thabhairt atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Dá bhrí sin, mar shampla, i *scála 10C*, féadfadh 9 marc a thabhairt. Ná déantar pionós slánaithe agus aonad ach uair amháin i ngach cuid (a), (b), (c) etc.

Ar fud na scéime, léirigh earráidí uimhríochta le *.

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

Roinn A

Ceist 1	
(a)	10C
(b)	10B
(c)	5C
Ceist 2	
(a)	15D
(b)	10B
Ceist 3	
(a)	15C
(b)	10D
Ceist 4	
(a)	5C
(b)	5B
(c)	5B
(d)	10C
Ceist 5	
(a)	10C
(b)	10C
(c)	5B
Ceist 6	
(a)	5B
(b)(i)	10C
(b)(ii)	5C
(c)	5B
Ceist 7	
(a)(i)	10C
(a)(ii)	5B
(b)	10C
Ceist 8	
(a)(i)	15B
(a)(ii)	5B
(b)	5C

Roinn B

Ceist 9	
(a)	15C
(b)	10A
(c)	5B
(d)	15D
(e)	5B
Ceist 10	
(a)(i)	5C
(a)(ii)	10C
(b)(i)	15C
(b)(ii)	5C
(b)(iii)	5C
(b)(iv)	10C

Nótaí mionsonraithe marcála

Roinn A

Ceist 1

- (a) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid
- Páirtchreidiúint ard:*
Freagra ceart amháin
Obair lena ngabhann ábharthacht sa dá chuid
- (b) Scála 10B (0, 5, 10)
Páirtchreidiúint:
Freagra ceart gan aon chúis nó cúis mhícheart tugtha
Aon iarracht shuntasach ar chúis cheart
- (c) Scála 5C (0, 2, 4, 5)
Páirtchreidiúint íseal:
Obair lena ngabhann ábharthacht
- Páirtchreidiúint ard:*
Ríomhtar brabús i gceart

Ceist 2

- (a) Scála 15D (0, 4, 7, 11, 15)
Páirtchreidiúint íseal:
Obair lena ngabhann ábharthacht
- Páirtchreidiúint mheánach:*
Ríomhtar 20% i gceart d'ioncam inchánach mícheart
- Páirtchreidiúint ard:*
Dealáítear creidmheas cánach ar dtús agus leantar ar aghaidh
- (b) Scála 10B (0, 5, 10)
Páirtchreidiúint:
Obair lena ngabhann ábharthacht

Ceist 3

- (a) Scála 15C (0, 6, 12, 15)
Páirtchreidiúint íseal:
Uimhir ceithre dhigit ar bith ag úsáid na digití tugtha i gceachtar den dá chuid

Páirtchreidiúint ard:
Freagra ceart amháin

- (b) Scála 10D (0, 2, 5, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Obair lena ngabhann ábharthacht in aon chuid

Páirtchreidiúint mheánach:
Freagra ceart amháin ag úsáid an fhreagra sa chuid roimhe sin
Obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid

Páirtchreidiúint ard:
Dhá fhreagra chearta
Obair lena ngabhann ábharthacht i dtrí chuid

Ceist 4

- (a) Scála 5C (0, 2, 4, 5)
Páirtchreidiúint íseal:
Ga amháin ceart

Páirtchreidiúint ard:
Dhá gha chearta nach bhfuil leathnaithe

- (b) Scála 5B (0, 3, 5)
Páirtchreidiúint:
Obair lena ngabhann ábharthacht

- (c) Scála 5B (0, 3, 5)
Páirtchreidiúint:
Obair lena ngabhann ábharthacht

- (d) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Ríomhtar réimse amháin i gceart nó obair lena ngabhann ábharthacht

Páirtchreidiúint ard:
Ríomhtar an dá réimse i gceart

Ceist 5

- (a) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Iontráil cheart amháin
- Páirtchreidiúint ard:*
Dhá iontráil chearta
- (b) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Uimhreoir nó ainmneoir amháin ceart
- Páirtchreidiúint ard:*
Freagra ceart amháin
Obair lena ngabhann ábharthacht sa dá chuid
- (c) Scála 5B (0, 3, 5)
Páirtchreidiúint:
Freagra ceart gan aon chúis nó cúis mhícheart tugtha
Aon iarracht shuntasach ar chúis cheart

Ceist 6

- (a) Scála 5B (0, 2, 5)
Páirtchreidiúint:
Tugtar 5 mar fhreagra
- (b) (i) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Obair lena ngabhann ábharthacht
- Páirtchreidiúint ard:*
 fx foirmlithe i gceart
- (ii) Scála 5C (0, 2, 4, 5)
Páirtchreidiúint íseal:
Obair lena ngabhann ábharthacht
- Páirtchreidiúint ard:*
Codán foirmlithe i gceart
- (c) Scála 5B (0, 3, 5)
Páirtchreidiúint:
Freagra ceart gan aon chúis nó cúis mhícheart tugtha
Aon iarracht shuntasach ar chúis cheart

Ceist 7

- (a) (i) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Iontráil cheart amháin nó obair lena ngabhann ábharthacht

Páirtchreidiúint ard:
Líne nó colún ceart amháin

- (ii) Scála 5B (0, 3, 5)
Páirtchreidiúint:
Obair lena ngabhann ábharthacht

- (b) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Freagra amháin ceart

Páirtchreidiúint ard:
Dhá fhreagra chearta

Ceist 8

- (a) (i) Scála 15B (0, 7, 15)
Páirtchreidiúint:
Ciorcal ar bith tarraingthe

- (ii) Scála 5B (0, 3, 5)
Páirtchreidiúint:
Freagra ceart gan aon chúis nó cúis mhícheart tugtha
Aon iarracht shuntasach ar chúis cheart

- (b) Scála 5C (0, 2, 4, 5)
Páirtchreidiúint íseal:
Tan foirmlithe nó obair lena ngabhann ábharthacht

Páirtchreidiúint ard:
 $\alpha = \tan^{-1}(0 \cdot 25)$

Roinn B

Ceist 9

(a) Scála 15C (0, 6, 12, 15)

Páirtchreidiúint íseal:

Iontráil amháin cheart i gceachtar tábla

Páirtchreidiúint ard:

Tábla ceart amháin

(b) Scála 10A (0, 10)

(c) Scála 5B (0, 3, 5)

Páirtchreidiúint:

Iarracht a dhéanamh ar an bhfoirmle

(d) Scála 15D (0, 4, 7, 11, 15)

Páirtchreidiúint íseal:

Breachtar pointe amháin i gceart

Páirtchreidiúint mheánach:

Breacadh cuideachta amháin i gceart, ≥ 6 uair an chloig

Páirtchreidiúint ard:

Breacadh an dá chuideachta i gceart, ≥ 6 uair an chloig i gcás gach cuideachta

(e) Scála 5B (0, 3, 5)

Páirtchreidiúint:

Obair lena ngabhann ábharthacht

Ceist 10

- (a) (i) Scála 5C (0, 2, 4, 5)
Páirtchreidiúint íseal:
Ríomhtar achar sleasa amháin
- Páirtchreidiúint ard:*
Ríomhtar achar bosca amháin
- (ii) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Foirmle toirt
- Páirtchreidiúint ard:*
Ríomhtar toirt bosca amháin
- (b) (i) Scála 15C (0, 6, 12, 15)
Páirtchreidiúint íseal:
Tógtar ciorcal ar ga dó 6 cm
- Páirtchreidiúint ard:*
Tógtar teascóg amháin ar ga dó 6 cm
- (ii) Scála 5C (0, 2, 4, 5)
Páirtchreidiúint íseal:
Foirmle le haghaidh imlíne ciorcail nó obair lena ngabhann ábharthacht
- Páirtchreidiúint ard:*
Ríomhtar imlíne ciorcail
- (iii) Scála 5C (0, 2, 4, 5)
Páirtchreidiúint íseal:
Foirmle le haghaidh achar ciorcail
- Páirtchreidiúint ard:*
Ríomhtar achar ciorcail
- (iv) Scála 10C (0, 4, 8, 10)
Páirtchreidiúint íseal:
Obair lena ngabhann ábharthacht
- Páirtchreidiúint ard:*
Freagra (iii) in úsáid sa ríomh ábhartha

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don pháipéar. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Déantar an cinneadh agus an ríomhaireacht faoin marc bónais i gcás gach páipéir ar leithligh.

Is é 5% an gnáthráta agus is é 300 iomlán na marcanna don pháipéar. Mar sin, bain úsáid as an ngnáthráta 5% i gcás iarrthóirí a ghnóthaíonn 225 marc nó níos lú, e.g. $198 \text{ marc} \times 5\% = 9.9 \Rightarrow \text{bónas} = 9 \text{ marc}$.

Má ghnóthaíonn an t-iarrthóir níos mó ná 225 marc, ríomhtar an bónas de réir na foirmle $[300 - \text{bunmharc}] \times 15\%$, agus an marc bónais sin a shlánú **síos**. In ionad an ríomhaireacht sin a dhéanamh, is féidir úsáid a bhaint as an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
226	11
227 – 233	10
234 – 240	9
241 – 246	8
247 – 253	7
254 – 260	6
261 – 266	5
267 – 273	4
274 – 280	3
281 – 286	2
287 – 293	1
294 – 300	0

Leathanach Bán

